

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE  
FÓMHAR 2017**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**

---

**Triail Chluastuisceana– 100 MARC**

---

**Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.**

---

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

<b>Uimhir Scrúdaithe</b>	<b>Uimhir PPS</b>	<b>Uimhir Oide</b>

## **ROINN A: FÓGRAÍ**

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### **FÓGRA I**

1. Cén eagraíocht a eagróidh na rásaí?

Na Ceantair Ghaeltachta.

Oireachtas na Gaeilge.

Rásaí Gaelacha.

Facebook.

2. Cá mbeidh na rásaí ar siúl?

Sna ceantair Ghaeltachta.

Ag Oireachtas na Gaeilge.

I gCathair Chorcaí.

I mBaile Átha Cliath.

3. Cé a ghlacfaidh páirt sna rásaí?

Snámhaithe le Gaeilge.

Reathaithe le Gaeilge.

Peileadóirí le Gaeilge.

Iománaithe le Gaeilge.

4. Cé mhéad catagóir a bheidh ann do mhná?

Trí cinn.

Ceithre cinn.

Ceann amháin.

Dhá cheann.

5. Cén buntáiste a bhaineann le clárú do chúig rás?

Gheobhaidh tú rás saor in aisce.

Gheobhaidh tú lascaine.

Gheobhaidh tú fiche euro.

Gheobhaidh tú seacht rás.

## FÓGRA II

1. Cathain a thaispeánfar an gearrscannán?

Ag deireadh na míosa seo.

An tseachtain seo chugainn.

An mhí seo chugainn.

Dé hAoine.

2. Cén teanga ina mbeidh an gearrscannán?

Béarla.

Gaeilge.

Fraincis.

Spáinnis.

3. Cá fhad a mhairfidh gach gearrscannán?

Deich nóiméad.

Cúig nóiméad nó níos lú.

Deich nóiméad nó níos lú.

Uair an chloig.

4. Lasmuigh de scannáin ghriinn, cén seánra scannáin eile a nglacfar leis?

Cláir fhaisnéise.

Scannáin uafáis.

Scannáin cheoil.

Scannáin drámaíochta.

5. Céard atá le déanamh chun scannán a chur isteach?

Ríomhphost a sheoladh.

Litir a chur.

Glaó a chur.

Féachaint ar an suíomh.

## FÓGRA III

1. Cá mbeidh an Ghaeltacht fhíorúil?

Ar *Facebook*.

Ar *Twitter*.

Ar *gmail*.

Trasna na dTonnta.

2. Conas a ghlacfaidh Gaeilgeoirí páirt san fheachtas?

Trí tvuíteáil a dhéanamh as Gaeilge.

Trí ríomhphost a chur.

Trí labhairt as Gaeilge.

Trí leabhar a scríobh.

3. Chomh maith le Gaeilge, céard eile is féidir a roinnt ag an haischlib?

Grianghraf.

Airgead.

Ealaín.

Amhráin.

4. Cén luach a bheidh ar an duais a bhronnfar?

5 euro.

27 euro.

75 euro.

65 euro.

5. Cé a thug urraíocht don fheachtas?

Trasna na dTonnta.

Glór na nGael.

*Twitter*.

Gaeilgeoirí na Gaeltachta.

## ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### COMHRÁ I

1. Cár chuala Eoin faoi Oireachtas na Samhna?

Ar TG4.

Ar Raidió na Gaeltachta.

Ó chara.

Ar RTÉ 1.

2. Cá bhfanfaidh Caitlín nuair a bheidh sí ag Oireachtas na Samhna?

I Leaba is Bricfeasta.

I dTeach Ósta an *Gleneagle*.

I dTeach Ósta Uí Riada.

Sa bhaile.

3. Cén lá a bhfuil sé i gceist ag Eoin dul chuig Oireachtas na Samhna?

Dé hAoine.

Dé Sathairn.

Dé Domhnaigh.

Déardaoin.

4. Cén rince ba mhaith le hEoin a fheiceáil?

Damhsa na scuaibe.

Ionsaí na hInse.

Balláí Luimnigh.

Damhsa Uí Riada.

5. Conas a chinnteoidh Caitlín an t-am ag a mbeidh an comórtas rince ar siúl?

Sa pháipéar nuachta.

Féachfaidh sí ar Chlár an Oireachtais.

Ar an idirlíon.

Ar TG4.

Ar lean →

## COMHRÁ II

1. Cén turas a rinne Síle mar chuid dá cúrsa samhraidh?

Turas go hInstitiúid Oideachais Marino.

Turas treoraithe go Ciarraí.

Turas ó Bhinn Éadair go Bré.

Turas chuig Páirc *Tayto*.

2. Cén t-ainm a bhí ar an gcúrsa a rinne Cillian?

Cluichí Clóis don Bhunscoil.

Cluichí Cainte don Rang Gaeilge Bunscoile.

Cluichí Scríofa don Rang Gaeilge Bunscoile.

Cluichí Léamhthuisceana don Chlós Bunscoile.

3. Céard a bhí le déanamh ag Cillian chun aiseolas a fháil?

Litir a scríobh.

Cnaipe a bhrú.

Ríomhphost a sheoladh.

Cáipéis a líonadh isteach.

4. Dar le Cillian, cén fáth nach n-oirfeadh an cúrsa a rinne sé do Shíle?

Bíonn sé ar siúl go ródhéanach san oíche.

Ní maith léi ríomhairí.

Is maith léi a bheith ag bualadh le daoine.

Tá gasúir óga aici.

5. Cén fáth a bhfuil cúrsaí ar líne áisiúil do Chillian?

Is foghlaimoir fásta é.

Is féidir leis iad a dhéanamh san oíche.

Níl aon ghasúir aige.

Bíonn teagascóirí maithe aige.

### COMHRÁ III

1. Cé na foirne a bhí le bheith ag imirt inniu?

Leitir Ceanainn agus Gleann Cholm Cille.

Na Rosa agus Gaoth Dobhair.

Leitir Ceanainn agus An Bun Beag.

Béal an Mhuirthead agus An Bun Beag.

2. Cathain a bheidh an cluiche ar siúl?

3.00, Inniu.

2.00, Dé hAoine.

3.00, Dé hAoine.

3.30, Dé hAoine.

3. Conas a rachaidh Moya chuig an gcluiche?

Ar an mbus.

Ar an traein.

Ina carr féin.

I gcarr Phádraig.

4. Céard a tharla d'Eoghan Ó Néill ag an gcluiche an tseachtain seo caite?

Cuireadh den pháirc é.

Gortaíodh go dona é.

Thit sé i laige.

Fuair sé Laoch an Chluiche.

5. Conas go bhfuil a fhios agat go bhfuil meas ag Moya ar Liam Ó Muirí?

Deir sí gur réiteoir dian é.

Deir sí gur maor líne géarchúiseach é.

Deir sí gur cúlaí láidir é.

Deir sí gur cúl báire maith é.

## **ROINN C: MÍREANNA NUACHTA**

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta

### **MÍR NUACHTA I**

1. Cathain a bheidh an Oíche Chultúir ar siúl?

4 Meán Fómhair.

Ar an gceathrú hAoine de Mheán Fómhair.

14 Meán Fómhair.

Ar an dara hAoine de Mheán Fómhair.

2. Cén costas a bheidh ar imeachtaí in ionaid chultúir?

Beidh siad saor in aisce.

20 euro.

50 euro.

3 euro.

3. Cén t-am a thosóidh an rás ar an Life?

5.00.

5.30.

5.33.

5.03.

4. Cá mbeidh an chaint faoi na naomhóga ar siúl?

I mbád ar an Life.

San Ionad Oidhreachta.

San Ionad Cultúir.

Ag Cé Theach an Chustaim.

5. Cén áit is féidir teacht ar eolas faoi na himeachtaí eile a bheidh ar siúl?

Ag Cé Theach an Chustaim.

Ar an Life.

Ag [www.culturenight.ie](http://www.culturenight.ie).

Ó Fhoras na Gaeilge.

**Ar Lean →**



## MÍR NUACHTA II

1. Cathain a chuirfear tús leis an gcéim athbhreithnithe Ghaeilge?

Ag deireadh na bliana seo.

San fhómhar.

San earrach.

I gceann trí bliana.

2. Cá fhad a bheidh an chéim nua?

4 bliana.

3 bliana.

5 bliana.

4 bliana agus bliain sa Ghaeltacht.

3. Cén post atá ag Muireann Ní Mhóráin?

Bainisteoir Fhoras na Gaeilge.

Ceann Roinn na Gaeilge.

Príomhfheidhmeannach an Acadaimh.

Príomhfheidhmeannach COGG.

4. Lasmuigh de Roinn na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, cén grúpa eile a bheidh ag obair ar an gcéim nua?

COGG.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Foras na Gaeilge.

Scoil Náisiúnta Ghaoth Dobhair.

5. Cé na Gaeltachtaí ina bhfanfaidh mic léinn a dhéanfaidh an cúrsa?

An Cheathrú Rua, Carna agus Gaoth Dobhair.

Na Rossa agus Gleann Cholm Cille.

An Daingean agus An Rinn.

Inis Meáin agus Acaill.

### MÍR NUACHTA III

1. Cá raibh an comórtas gailf as Gaeilge ar siúl?

I nGaoth Dobhair.

I gCill Dara.

Ar an gCeathrú Rua.

I mBaile Brigín.

2. Cén post atá ag Seán Ó Gallchóir?

Galfaire gairmiúil.

Ceoltóir leis ‘Na Fá Dú Dá’s’.

Bainisteoir an Ghalfchúrsa.

Rúnaí an Chlub Gailf.

3. Céard is ainm d’athair Sheáin Uí Ghallchóir?

Micheál Ó Cartúir.

Noel Johnny Sheáin.

Ciarán Ó Gallchóir.

Seán Mac Mánaís.

4. Cén fhoireann a tháinig sa chéad áit sa chomórtas gailf?

Baile Brigín.

An Cheathrú Rua.

Ráth Chairn.

Gaoth Dobhair.

5. Céard as do na ceoltóirí a bhí ag seinm tar éis an chomórtais?

Conamara.

Dún na nGall.

Ráth Chairn.

Baile Brigín.